

# Oscail do Shúile

## Pacáiste grianghraf oideachasúil do luathbhlianta agus bunscoileanna ag scagadh ceisteanna na daille ar fud na cruinne

**áis iomlán ann féin | le húsáid am ar bith den bhliain | naisc leis an gCuraclam | tacaíocht don chlár bán**

www.sightsavers.ie

Uimhir Charthanais Chláraithe: CHY 15437

# Naisc leis an gCuraclam

**Is féidir na gníomhaíochtaí a dhéanamh ceann i ndiaidh a chéile nó iad a úsáid chun tús a chur leis an bplé ar cheisteanna daille agus lagamhairc.**

## Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha, 1ú ⁊ 2ú Rang

| | |
|---|---|
| **Gaeilge** | **Teanga labhartha** \| Glacacht teanga; forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch trí theanga; cumas agus féinmhuinín san úsáid teanga.<br>**Léamh agus scríobh** \| Glacacht teanga; féinmhuinín agus cumas in úsáid teanga; inniúlachtaí cognaíocha a fhorbairt trí theanga; forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch trí theanga. |
| **Tíreolaíocht** | **Timpeallachtaí daonna** \| Daoine agus áiteanna i gcéin.<br>**Timpeallachtaí nádúrtha** \| An timpeallacht nádúrtha áitiúil; aimsir. |
| **Na hAmharcealaíona** | **Líníocht** \| Líníochtaí a dhéanamh; féachaint agus freagairt. |
| **Drámaíocht** | Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus smaointe a scagadh agus teacht ar thuiscint ina dtaobh \| An drámaíocht a scagadh agus a dhéanamh; machnamh ar an drámaíocht; comhoibriú agus cumarsáid le linn dráma a dhéanamh. |
| **OSPS** | **Mé féin** \| Féiniúlacht.<br>**Mé féin agus daoine eile** \| Mé féin agus an teaghlach; mo chairde agus daoine eile; caidreamh le daoine eile. |

## 3ú ⁊ 4ú Rang, 5ú ⁊ 6ú Rang

| | |
|---|---|
| **Gaeilge** | **Teanga labhartha agus scríbhneoireacht** \| forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch trí theanga; inniúlachtaí cognaíocha a fhorbairt trí theanga. |
| **Tíreolaíocht** | Ceisteanna trádála agus forbartha; léarscáileanna a úsáid, breathnóireacht. |
| **Matamaitic** | Ag déanamh comparáide agus ag ordú; codáin, deachúlacha agus céatadáin; sonraí a aithint, a léiriú agus a léirmhíniú. |
| **OSPS** | Féinfheasacht; caidreamh le daoine eile; mo chairde agus daoine eile; cumarsáid; coimhlint a réiteach; forbairt na saoránaíochta; pobail náisiúnta agus Eorpacha agus eile. |
| **Corpoideachas** | Cluichí; cluichí a chruthú agus a imirt; cluichí a thuiscint agus sult a bhaint astu. |

# Réamhrá

Carthanacht is ea Sightsavers a shaothraíonn chun an daille inseachanta a chloí i mbreis agus 30 tír atá i mbéal forbartha.

Táimid ag saothrú chun nach dtiocfaidh daille ar dhuine ar bith nuair is féidir é sin a sheachaint, saol ina mbeidh daoine dalla agus daoine lagamhairc in ann páirt a ghlacadh sa tsochaí ar bhonn cothrom.

Beidh an áis seo úsáideach do mhúinteoirí luathbhlianta agus bunscoile ar mian leo ceisteanna a bhaineann le radharc na súl i dtíortha atá i mbéal forbartha a phlé. Tá intreoir ann ar obair Sightsavers agus tacaíonn sé le gníomhaíochtaí ranga a bhíonn ar siúl ag múinteoirí cheana.

Nuair a úsáideann tú na gníomhaíochtaí oideachasúla seo sa rang, beidh tú ag ardú fheasacht na ndaltaí maidir leis an daille inseachanta agus beidh spórt agaibh freisin!

Coinnigh súil amach don **tsiombail idirghníomhach** sa leabhrán seo chun nascadh leis an gClár Bán agus le hábhair an Phacáiste Grianghraf

Coinnigh súil amach don **tsiombail íoslódála** sa leabhrán seo chun nascadh le bileoga oibre agus ábhair ar líne ar www.sightsavers.ie/primaryschools

**San áis seo, pléitear:**

- ár gcéadfaí; an tsúil, páirteanna na súile agus conas a oibríonn sí
- a thaispeáint do dhaltaí Éireannacha cé chomh tábhachtach agus atá radharc na súl
- ag cabhrú le daltaí tuiscint agus eolas a bheith acu ar an daille ar fud na cruinne
- smaointeoireacht chriticiúil, comhbhá agus machnamh ar cheisteanna daille a spreagadh.
- cuid de na tíortha a mbíonn Sightsavers ag obair iontu
- na dúshláin a bhíonn le sárú ag daoine dalla agus lagamhairc i dtíortha atá i mbéal forbartha
- na fáthanna a bhfuil níos mó daoine i mbaol radharc na súl a chailleadh agus conas daoine a bhfuil lagú amhairc orthu a chumasú.

## Measúnaigh an fhoghlaim de réir mar a théann sibh ar aghaidh!

- Bíodh tráth na gceist gasta ann chun leibhéal eolais an ranga a thomhas. Tá tráth na gceist gasta ar fáil ar leathanach 9.
- Uirlis chun dul chun cinn an ranga a mheas is ea an chairt E-M-F (féach leathanach 9).
- Úsáid balla tionscadail chun grianghraif agus obair na bpáistí a thaispeáint.
- Tá moltaí sa leabhrán seo le haghaidh measúnachtaí deireadh tionscadail.
- Lean ort ag plé na gceisteanna seo leis an rang trí pháirt a ghlacadh sa chomórtas bliantúil Duaiseanna na bPéintéirí Óga.
- Ar Oscail tusa do Shúile agus Súile an Ranga? Faigh teastais saor in aisce do na rannpháirtithe ón gcomhordaitheoir oideachais ag **schools@sightsavers.ie** nó trí ghlaoch a chur ar (01) 663 7666.

# **Bileog fíricí:** Súil ar an domhan

D'fhéadfaí

**80%**

de dhaille a sheachaint nó a leigheas

Meastar go bhfuil

**285 milliún duine**

ar domhan a bhfuil lagamharc ag cur as dóibh

**39 milliún**

líon na ndaoine dalla


Tá lagamharc ar


**246 milliún**



Is mná atá in dhá thrian díobh siúd atá dall. Is iad príomhchúiseanna na daille inseachanta ná catarachtaí agus tracóma. Is ar mhná is mó a bhíonn siad sin.

## Na tíortha a bhfuilimid ag obai




**90%**

de dhaoine dalla, is i dtíortha i mbéal forbartha atá siad.

ir iontu






Ina lán tíortha ar fud na hAfraice, tá os cionn dhá dtrian na ndaoine fágtha gan teacht ar na seirbhísí sláinte súl atá de dhíth orthu. I gcorrchás, ní bhíonn teacht ach ag **1 as 10** daoine ar sheirbhísí sláinte súl.

Ní chuirtear oideachas ar bhreis agus **90%** de pháistí dalla sna tíortha atá i mbéal forbartha.

## Cén fáth a n-oibrímid sna tíortha seo?

Oibrímid sna tíortha is mó atá i ngátar. Tagann daille ar dhaoine in Éirinn chomh maith le háiteanna san Afraic agus san India, ach ní ar na cúiseanna céanna i gcónaí. Sna tíortha ina n-oibrímidne, cailleann daoine radharc na súl mar gheall ar theas agus dusta, easpa uisce, droch-chaighdeáin séarachais agus sláinteachais, drochréim bia agus easpa seirbhísí sláinte súl.

## Tá 153 milliún duine ann atá gan radharc díreach toisc nach bhfuil spéaclaí acu

Is é is cúis leis sin ná earráid athraonta i gcruth na súile a bhacann ar an tsúil solas a fhócasú mar is ceart, ar shlí go mbíonn íomhánna doiléir. Cuireann ár gcomhpháirtithe oiliúint ar oibrithe cúram súl chun daoine a bhfuil fadhbanna radhairc acu a aithint, chun na spéaclaí cearta a ordú agus chun othair a chur go dtí optaiméadraí más gá.

# Gníomhaíocht 1: Lá aoibhinn cois trá

**Cuspóir foghlama:** Feasacht na ndaltaí ar na cúig chéadfa a ardú.

**Ábhair riachtanacha:** Bileoga oibre 1 agus 2, cóipeanna den bhunachar focal, pinn luaidhe daite/criáin/péint, páipéar líníochta. **Ábhair bhreise:** ábhair thadhlacha ar nós cumhdach bolgóideach, olann chadáis, greanpháipéar, ribín, srl.

**Naisc leis an gCuraclam Gaeilge** | teanga labhartha, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. **Tíreolaíocht** | Timpeallachtaí daonna agus timpeallachtaí nádúrtha. **Na hAmharcealaíona** | líníochtaí a dhéanamh

**Am:** 2+ rang.

## Céimeanna:

1. Mínigh do na daltaí go mbeidh gníomhaíocht ar siúl agaibh faoi am a chaitheamh cois trá agus mar a bhraithimid lenár gcúig chéadfa é. Mínigh dóibh cé chomh tábhachtach is atá na céadfaí, go háirithe radharc na súl.
2. Iarr ar na daltaí a súile a dhúnadh agus cuimhneamh ar uair a chaith siad cois trá, nó a leithéid d'ócáid a shamhlú. Céard atá le feiceáil, le bolú, le mothú, le cloisteáil agus le blaiseadh acu? Caith roinnt nóiméad ar gach céadfa acu, agus béim á leagan ar an méid atá le feiceáil acu. Tabhair leideanna dóibh de mar is cuí. Tabhair dóthain ama do na daltaí chun go mbeidh pictiúr ina n-aigne den ócáid.
3. Tabhair cóip de **bhileog oibre 1** do gach dalta agus iarr orthu trí fhocal éagsúla a sholáthar a bhaineann le gach ceann de na cúig chéadfa. Seans nach mbeidh acu ach focail ghinearálta ar dtús – tiocfaidh focail níos beaichte sa chéad chéim eile.
    - Cad iad na fuaimeanna a chloiseann tú?
    - Cad a mhothaíonn tú?
    - Cad a bholaíonn tú?
    - Cad atá le feiceáil thart ort?
    - Cad a bhlaiseann tú?

    Ba cheart gur focail ghinearálta a bheadh ann. Beidh focail níos beaichte i gceist sa chéad chéim eile.
4. Roinn an rang i ngrúpaí agus tabhair cóip de **bhileog oibre 2** do gach dream acu. Iarr ar na daltaí trí abairt a chruthú mar gheall ar an trá, ag úsáid na bhfocal ón gcéad bhileog. Ba cheart rud éigin a bhí ar an trá a lua i ngach abairt. Ba cheart focail thuairisciúla a bheith sna habairtí freisin. Ba cheart 'scríbhneoir' a bheith i ngach grúpa (a scríobhfaidh na habairtí ar an mbileog), 'urlabhraí' (a léifidh na habairtí do dhaltaí eile an ranga) agus 'cathaoirleach' (a choinneoidh an grúpa in ord).
5. Léifidh an t-urlabhraí na habairtí os ard. Beidh deis ag daltaí ceisteanna a chur – más gá.
6. Nuair atá an léitheoireacht thart, iarr ar gach grúpa pictiúr a chruthú ag úsáid na bhfocal agus na n-abairtí a cuireadh ar fáil sa chéad ghníomhaíocht. Nó, mar rogha air sin, is féidir leis na daltaí íomhá den trá a chruthú le hábhair thadhlacha. D'fhéadfaí a gcuid oibre a thaispeáint sa scoil mar 'cheiliúradh ar na céadfaí' sa chaoi is go bhfeicfidh daltaí eile é.

# Gníomhaíocht 2: Mála na gCleas

**Cuspóir foghlama:** Na daltaí a chur ag smaoineamh ar conas a d'aithneoidís rudaí dá mbeadh lagamharc orthu féin agus conas a theastódh cabhair agus tacaíocht daoine eile uathu.

**Ábhair riachtanacha:** Púicín, roinnt ciarsúr páipéir, míreanna as nótaí an mhúinteora (féach thíos) agus mála leis na hábhair a choinneáil ann.

**Naisc leis an gCuraclam Gaeilge** | teanga labhartha, léitheoireacht agus scríbhneoireacht.

**Am:** 1-2 rang.

## Céimeanna:

1. Iarr ar na daltaí suí thart i gciorcal – tá sé tábhachtach go mbeadh radharc ag gach duine ar a chéile agus ar mhála na gcleas. Fiafraigh cé an chéad duine atá sásta an púicín a chur air/uirthi féin (cuimhnigh agus an ciarsúr páipéar a chur idir an púicín agus súile an dalta – ní foláir na súile a choinneáil glan!).
2. Iarr air/uirthi rud amháin a bhaint amach as an mála agus, gan féachaint air, a thomhas cad atá ann. Mura bhfuil ag éirí leo é a thomhas, tá cead ag na daltaí eile leideanna a thabhairt dóibh.
3. Nuair atá an freagra ceart faighte, is féidir an púicín a bhaint. Caith nóiméad anois ag míniú cén bhaint atá ag na rudaí seo le daille (féach nótaí an mhúinteora thíos).
4. Nuair a bheidh an mála folamh, is féidir tosú ar an bplé: conas a bhraith na daltaí nuair a bhí an púicín orthu? An raibh sé éasca na rudaí sa mhála a aithint? Is féidir le múinteoirí rudaí breise, nó tuilleadh de na rudaí sa liosta, a chur sa mhála sa chaoi is go mbeidh a sheal féin ag gach dalta.

## Nótaí an mhúinteora:

**Barra gallúnaí** – labhair leo faoi thracóma. I dtíortha tirime lán deannaigh, ní i gcónaí a bhíonn uisce ag daoine chun iad féin a ní mar is ceart. Corruair, tagann ionfhabhtú sna súile dá bharr seo agus cailleann daoine radharc na súl. Is féidir é seo a sheachaint má choinníonn daoine a lámha agus a n-aghaidh glan.

**Spúnóg adhmaid** – Ní fheiceann daoine dalla/lagamhairc an tine ná an sorn le linn dóibh bheith ag cócaireacht, agus bíonn siad i mbaol dá bharr sin. Déan plé air sin.

**Bréagán bog/gligín** – fiafraigh díobh an dtaitneodh na bréagáin chéanna leo dá mbeidís dall?

**Satsúma/bia** – cén chaoi a mbeadh a fhios agat go bhfuil bia as dáta? Cad iad na céadfaí a mbeifeá ag brath orthu?

**Rialóir** – Conas a dhéanfá rudaí a thomhas dá mbeifeá dall? Is féidir cnapóga beaga a chur ar an rialóir sa chaoi is gur féidir na toisí a mhothú faoi do mhéara.

**Leabhar/peann** – Conas is féidir le daoine dalla léamh agus scríobh, dar leo? Ar chuala siad iomrá ar Bhraille? Céard é féin (aibítir speisialta ina gcuirtear poncanna ardaithe ar leathanach chun gur féidir focail a mhothú faoi do mhéara)?

**Tóirse** – Mínigh an méid seo dóibh: daoine a bhfuil 'cataracht' ar a súile, ní fheiceann siad ach solas agus dorchadas gan aon ní a bheith soiléir. Má lasann tú tóirse, feicfidh siad an solas ach ní bheidís in ann a insint cá mhéad méar atá ardaithe agat.

**Léarscáil** – D'fhéadfaí léarscáil den scoil a tharraingt agus í sin a úsáid. Fiafraigh de na daltaí conas a bheadh eolas na slí timpeall na scoile acu dá mbeidís dall.


# Cad is cataracht ann?

Catarachtaí an chúis is mó atá le daille i dtíortha i mbéal forbartha. An té a bhfuil cataracht air bíonn scamall ar lionsa a shúile sa chaoi is nach bhfeiceann sé ach cruthanna, solas agus dorchadas gan aon ní a fheiceáil go soiléir. Is féidir an lionsa scamallach a bhaint agus lionsa plaisteach a chur in áit. Is obráid an-simplí é. Tá catarachtaí coitianta ar fud na cruinne, Éire san áireamh. I dtíortha bochta, áfach, ní i gcónaí a bhíonn teacht ag daoine ar na seirbhísí sláinte a theastaíonn uathu.

Cabhróidh an ghníomhaíocht ghairid seo leis na daltaí teacht ar thuiscint ar an tionchar a bhíonn ag catarachtaí. Déanfaidh an múinteoir dóthain ‘maisc chatarachta’ i gcomhair leath na ndaltaí, de réir na dtreoracha thíos. Sin nó is féidir rang ealaíne agus ceardaíochta a dhéanamh de seo, na daltaí a chur i ngrúpaí beirte agus a iarraidh orthusan na maisc a dhéanamh.

Ag obair i bpéirí, cuireann dalta amháin an masc air/uirthi féin fad is a bhíonn an dalta eile á t(h)reorú timpeall an tseomra ranga. Iarr orthu cabhrú lena chéile agus iad i mbun gnáth-thascanna, a lámha a ní nó slacht a chur ar a ndeasca. Is féidir na maisc chatarachta seo a úsáid in am ar bith chun lagamharc a ionsamhlú.

- **Is féidir seanphíosa éadaigh a úsáid chun púicín a dhéanamh, nó masc súl nó scairf.**
- **Is mar seo a dhéantar masc catarachta: cruth an mhaisc a ghearradh amach as cumhdach bolgóideach agus banda leaisteach a cheangal le gach taobh de.**




## Gníomhaíocht 3: Seo do chara nua, Jesse

**Cuspóir foghlama:** Jesse a chur in aithne don rang chun ceangal a chruthú agus comhbhá a chothú.

**Ábhair riachtanacha:** Pictiúir 1-7 ón bpacáiste grianghraf (ar féidir é a íoslódáil), grianghraif a chuirfidh na daltaí féin ar fáil, spás balla le haghaidh clár scéil, páipéar chun na scéalta a thaispeáint, pinn/marcóirí.

**Naisc leis an gCuraclam Gaeilge** | Teanga labhartha, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. **OSPS** | Mé féin agus Mé féin agus daoine eile. **Na hAmharcealaíona** | Líníochtaí a dhéanamh.

**Am:** 2+ rang

## Céimeanna:

1. Cuir Jesse in aithne don rang le cabhair na ngrianghraf 'Jesse 1-7' agus an scéal 'Seo Jesse' thíos. Is féidir na cártaí grianghraif a úsáid nó an seó sleamhnán, ag tosú ag sleamhnán 3. Taispeáin na grianghraif san ord atá luaite sa scéal. Féach an leathanach thall le haghaidh eolais ar chatarachtaí.
2. Cuir spás ar fáil ar bhalla sa seomra ranga chun scéal Jesse a thaispeáint – an clár scéil! Is féidir gach pictiúr a fheistiú ar phíosa páipéir agus an t-eolas ábhartha ón scéal a scríobh thíos faoi. Is leor abairt nó dhó (agus is féidir leis na daltaí féin é a dhéanamh).
3. Sa chaoi is go mbeidh comhbhá ag na daltaí le Jesse, iarr orthu pictiúr díobh féin a thabhairt isteach, pictiúr ina bhfuil siad i gcomhluadar daoine eile sa teaghlach, i mbun caitheamh aimsire éigin a thaitníonn leo. Is féidir na pictiúir go léir a thaispeáint ar an gclár agus abairt nó dhó a chur leo chun an dalta agus an pictiúr a chur i láthair. Tá sé tábhachtach go mbeadh ceann amháin ar a laghad de phictiúir Jesse le feiceáil i measc na bpictiúr agus na scéalta seo. Is féidir an chuid eile de phictiúir Jesse a thaispeáint taobh leo seo, chun a insint mar a bhí cataracht air agus mar leigheasadh é.
4. Cuir tús leis an bplé leis na daltaí faoi scéal Jesse. Cad iad na codanna den scéal atá cosúil lena scéal féin? Cé eile a bhfuil deartháir níos sine aige/aici? Cé eile a dtaitníonn peil leis/léi? Cruthaigh a oiread nasc agus is féidir. Is féidir na naisc a léiriú ar an gclár scéil freisin.

## Cás-staidéar

**Cuir aithne ar Jesse Antwi Agyeman**

Seo Jesse. Tá sé cúig bliana d'aois agus tá sé ina chónaí in Koforidua in oirthear Ghána, in iarthar na hAfraice lena thuismitheoirí, Hannah agus Daniel agus a dheartháir Kelvin, atá ocht mbliana d'aois. Is maith le Jesse pictiúir a tharraingt agus peil a imirt lena chairde. Tá bliain amháin caite aige ar scoil. Thug Hannah, máthair Jesse, faoi deara go raibh sé deacair dó rudaí a léamh agus go mbíodh sé ag cuimilt a shúile i gcónaí. Chonaic sí marcanna beaga bána ar shúil Jesse agus thug sí chun na hotharlainne é. Dúirt an dochtúir go raibh cataracht ar shúil Jesse. Bhí teaghlach Jesse buartha faoi seo, ach bhí a fhios acu go dtiocfadh leis obráid a fháil chun an chataracht a leigheas. Rinneadh roinnt tástálacha ar shúile Jesse sula ndearnadh an obráid.

Nuair a bhí an obráid thart, bhí faoiseamh agus lúcháir ar thuismitheoirí Jesse. Baineadh an bindealán dá shúil chun go bhfeicfeadh an t-altra ar éirigh leis an obráid. D'éirigh! Tugadh péire spéaclaí dubha gréine dó chun a shúile a chosaint ar an ngrian agus an dusta. Bhí air braonta a chur ar a shúile chun cabhrú leo cneasú. Ghoin na braonta súile Jesse, ach bhí a fhios aige go gcabhróidís leis biseach a fháil. Dúirt Daniel, athair Jesse, "Tá an t-ádh orainn go raibh an obráid ag Jesse... Beidh sé níos éasca do Jesse rudaí a fhoghlaim nuair is féidir leis iad a fheiceáil i gceart. Tá súil againn go n-oibreoidh Jesse go dian sa scoil agus go mbeidh post maith aige nuair a bheidh sé mór."



© Zul Mukhida/Sightsavers (2006) / Sightsavers

# Gníomhaíocht 4: An margadh

**Cuspóir foghlama:** Drámaíocht agus rólimirt a úsáid chun a fháil amach conas a bhraitheann sé gnáthchúraimí a dhéanamh nuair nach bhfuil radharc na súl go maith agat.

**Ábhair riachtanacha:** Púicíní, maisc chatarachta, propanna don rólimirt.

**Naisc leis an gCuraclam Drámaíocht |** Drámaíocht a úsáid chun mothúcháin, eolas agus smaointe a scagadh agus tuiscint a fháil orthu | An drámaíocht a scagadh agus a dhéanamh; machnamh ar an drámaíocht; comhoibriú agus cumarsáid le linn dráma a dhéanamh.

**Am:** 2 rang.

**Eagrú ranga:**Caithfear an rang a eagrú de réir an chineáil ról-imeartha a roghnófar.

## Céimeanna:

1. Tá roinnt bealaí ann chun an rólimirt a dhéanamh. Is féidir plás margaidh a dhéanamh den seomra ranga – áit a ndíoltar rudaí mar bhia, éadaí agus earraí ginearálta. Beidh a 'stallaí' féin ag cuid de na daltaí. 'Custaiméirí' a bheidh sa chuid eile.
2. Abair le 'lucht na stallaí' a gcuid stallaí a chur suas agus na hearraí atá ar díol acu a thaispeáint. Abair leis na custaiméirí fanacht taobh amuigh fad is atá an margadh á eagrú.
3. Tabhair liosta do na 'custaiméirí' de na hearraí atá le ceannach acu ar an margadh. Ach beidh orthu an tsiopadóireacht a dhéanamh agus púicín orthu, nó masc catarachta. An bhfaighidh siad na hearraí ar an liosta? Cén chaoi a n-éireoidh leo? Is iad lucht an ranga féin a fhreagróidh na ceisteanna sin le linn na rólimeartha. An gcabhróidh siad lena chéile? An n-oibreoidh siad i mbeirteanna? An mbuailfidh na díoltóirí bob ar na daoine nach bhfeiceann rud ar bith? Gheofar amach sa rólimirt!
4. Is féidir an rólimirt a bhunú ar chomhthéacs ar bith, fad is a bheidh na daltaí ag idirghníomhú lena chéile, cuid acu agus púicín nó masc catarachta orthu. D'fhéadfaí maidin nó tráthnóna a chaitheamh sa seomra ranga mar seo: púicíní nó masc catarachta a bheith ar leath na ndaltaí agus treoraí nó 'cara' ag gach duine acu. D'fhéadfaí na róil a mhalartú leath bealaigh tríd.
5. An chuid is tábhachtaí den ghníomhaíocht seo ná an plé ina dhiaidh. An raibh sé deacair dóibh gan radharc maith a bheith acu? Má bhí, cén fáth? Conas a mhothaigh sé sin? Agus mar sin de – tá sé tábhachtach a mheabhrú dóibh gur féidir catarachtaí a leigheas leis an obráid a fuair Jesse (gabh siar go dtí an clár scéil). Tá daoine dalla ann, áfach, nach féidir a leigheas. Tá sé sin deacair, ach tá sé tábhachtach a mheabhrú gur féidir le daoine dalla saol neamhspleách a bheith acu. Seans go mbeidh tacaíocht ag teastáil uathu, díreach ar nós na ndaltaí sa mhargadh.

# Gníomhaíochtaí don 3ú-6ú rang

**Molaimid na gníomhaíochtaí thuas a chur in oiriúint - na gníomhaíochtaí rólimeartha agus 'mála na gcleas' san áireamh – chun comhbhá agus tuiscint a chothú sa bhunoideachas. Tá naisc láidre ag na gníomhaíochtaí seo leis an siollabas eolaíochta freisin.**

## An Chairt E-M-F – uirlis chun dul chun cinn an ranga a mheas

Coinníonn an Chairt E-M-F taifead ar an eolas (E) atá ag dalta faoi thopaic (daille, sa chás seo), an méid is mian (M) leis a fháil amach agus an méid atá foghlamtha (F) aige faoi. Iarr ar na daltaí smaoineamh ar an méid atá ar eolas acu faoi dhaille (mar shampla, an t-orgán a mbaineann sé leis). Ba cheart do na daltaí smaoineamh ansin ar na ceisteanna atá acu maidir le daille. Déantar na ceisteanna sin a thaifeadadh sa dara colún. De réir mar a threoraítear na daltaí trí na gníomhaíochtaí, ba cheart an méid atá foghlamtha acu a thaispeáint sa tríú colún.

### Cairt shamplach E-M-F

| E Céard atá ar eolas againn? | M Céard is mian linn a fháil amach? | F Céard atá foghlamtha againn? |
|---|---|---|
| Níl radharc na súl ag an té atá dall | Conas is féidir le daoine dalla léamh agus scríobh? | Tá radharc na súl an-luachmhar |
| Galar súl is ea an daille | Cad is cúis le daille? | D'fhéadfaí an daille a sheachaint ina lán cásanna |
| Tá radharc ar cheann de na cúig chéadfa | Conas is féidir cabhrú le daoine dalla? | Tá cineálacha daille ann nach féidir a leigheas, ach is féidir le daoine dalla saol neamhspleách a bheith acu |

**Ceisteanna chun bonnlíne eolais a leagan síos –** is féidir na ceisteanna seo a chur arís ag deireadh ceachta chun a mheas cén feabhas a tháinig ar thuiscint na ndaltaí, má tháinig.

| Cuir tic sa bhosca chun na ceisteanna fhreagairt | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Ní féidir an daille a leigheas in am ar bith | ☐ | ☐ |
| Níl léamh ná scríobh ag páistí a thagann chun an tsaoil agus iad dall | ☐ | ☐ |
| D'fhéadfaí an daille a sheachaint i gcás a lán daoine sna tíortha i mbéal forbartha | ☐ | ☐ |

# Gníomhaíocht 5: Páistí le chéile

**Cuspóir foghlama:** Comhbhá, eolas agus tuiscint a chothú maidir le páistí lasmuigh d'Éirinn.

**Ábhair riachtanacha:** Púicín, roinnt ciarsúr páipéir, tóirse, satsúma, bréagán bog, barra/buidéal gallúnaí, rialóir, peann, leabhar, léarscáil, rud éigin a dhéanann torann (glincín, cuir i gcás), agus mála chun na rudaí seo a choinneáil ann.

**Naisc leis an gCuraclam** **Teanga labhartha agus scríbhneoireacht** | inniúlachtaí mothúchánacha agus cognaíocha a fhorbairt trí theanga; **OSPS** | féinfheasacht, caidreamh le daoine eile, mo chairde agus daoine eile, pobail náisiúnta, Eorpacha agus eile.

**Am:** 2 rang.

**Eagrú ranga:** Obair ghrúpa.

### Céimeanna:

Úsáid na ceisteanna seo a leanas mar threoir chun na daltaí a chur ag smaoineamh faoi na rudaí atá i gcoitinne acu le daltaí eile sa rang. Is féidir leo na deich rud is mó atá i gcoitinne acu a scríobh síos nó na ceisteanna a úsáid mar ábhar plé i ngrúpaí nó sa rang uile.

- An dtaitníonn ábhar amháin leat níos mó ná ábhair eile?
- An dtéann tú chun na scoile le do chairde?
- An dtaitníonn spórt leat?
- An dtaitníonn ceol leat?
- An bhfuil an scoil in aice leis an áit a bhfuil tú i do chónaí?
- Cad iad na cluichí is maith leat a imirt le do chairde?
- Cad ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú níos sine?

I ndiaidh na freagraí a tugadh ar na ceisteanna sin a phlé, iarr orthu bheith ag smaoineamh faoin méid atá i gcoitinne acu le páistí a chónaíonn i dtíortha san Afraic nó san India. An síleann siad gur maith le páistí sna tíortha sin na rudaí céanna? An mbeadh scéal eile ann dá mbeadh na páistí seo dall?

## Aithne a chur ar Sruthika – páiste cosúil leo féin

Tá Sruthika ceithre bliana d'aois. Tá sí dall ach téann sí go gnáth-naíonra in Punnakkaria (i stát Tamil Nadu san India) lena cairde a bhfuil radharc na súl acu. Is é an rud is fearr léi ar scoil ná amhránaíocht agus is maith léi ag déanamh geáitsíochta leis na hamhráin. Is breá léi bheith ag imirt 'maide is liathróid' le Vishnau, an cara is fearr atá aici. Deir a seanmháthair, Sukumari, go n-aithníonn Sruthika daoine ón bhfuaim a dhéanann a gcoiscéimeanna.

Trí chur síos ar Sruthika agus na rudaí a thaitníonn léi, taispeántar don rang go mbíonn na mianta agus an dóchas céanna ag páistí ar fud na cruinne, is cuma cén áit a gcónaíonn siad, cé acu atá siad dall nó nach bhfuil.

Is féidir na pictiúir de Frances nó Bahati sa phacáiste grianghraf a úsáid chun an ghníomhaíocht seo a dhéanamh – teastóidh ceithre ghrianghraf ar fad uait.

Greamaigh na ceithre phictiúr a roghnaigh tú i lár leathanach A4.

- Roinn na daltaí i gceithre ghrúpa.
- Tabhair cóip den leathanach A4 a d'ullmhaigh tú do gach grúpa.
- Léigh os ard na sleachta gairide faoi Frances agus Bahati.
- Iarr ar na grúpaí liosta a dhéanamh de na rudaí a shíleann siad atá i gcoitinne acu leis an duine sa phictiúr (Frances nó Bahati) de réir mar is féidir leo a dhéanamh amach ón bpictiúr agus ón sliocht a chuala siad. Is féidir leo pé cosúlachtaí atá acu leis an mbeirt déagóirí a scríobh ar an bpáipéar ar gach taobh den ghrianghraf.

## Seo Frances

Is mise Frances Kidenya agus tá mé i mo chónaí sa Tansáin. Tá mé 13 bliana d'aois. Tá radharc na súl fíorlag agam agus úsáidim Braille chun léamh agus scríobh. Bím istigh sa rang le páistí ar féidir leo mé a fheiceáil. Matamaitic an t-ábhar is fearr liom agus is breá liom bheith ag rith agus ag imirt peile ag am sosa. Deir daoine go mbím gan eagla ar an bpáirc peile! Ní deacair dom an liathróid a choinneáil – glaonn mo chairde treoracha amach dom agus tá cloigín istigh sa liathróid. Is é Musa Kiswaga an cara is fearr atá agam – táimid mór le chéile ó thosaigh mé sa scoil agus déanaimid gach rud le chéile.



© Suzanne Porter/Sightsavers (1999)



© Fabienne Fossez/Sightsavers (2005)

## Seo Bahati

Bahati Kamage an t-ainm atá orm. Tá mé 13 bliana d'aois. Tá mé i mo chónaí sa Tansáin, i sráidbhaile darb ainm Changalawe. Tá mé dall le sé bliana. Seo pictiúr díomsa agus mo bheirt chairde Adelina agus Gloria. (Mise atá sa lár, Adelina atá ar chlé agus Gloria ar dheis). Ba mhaith liom bheith i m'ollamh. Is maith liom an scoil agus is maith liom bheith ag léamh le Braille. Úsáidim Braille i mo chuid ranganna go léir. Faoi láthair, tá mé ag foghlaim Béarla, Matamaitice, Svahaílis, an Eacnamaíocht Bhaile, Corpoideachais agus líonpheil. Tá radharc lag ag Adelina freisin. Is mian léi bheith ina haltra nó ina hoibrí sláinte nuair a bheidh sí mór. Deir Bahati:

> "Cabhraíonn sí liom agus treoraíonn sí mé gach áit a dtéim. Cabhraíonn Gloria liom trí rudaí a léamh amach dom." D'fhiafraigh duine de Gloria an smaoiníonn sí ormsa mar dhuine dall agus dúirt sí, "Is í mo chara í. Sin é!"



© Suzanne Porter/Sightsavers (1999)

# Gníomhaíocht 6: Léarscáiliú de réir uimhreacha

**Cuspóir foghlama:** Cuirfear daltaí ag plé le sraith uimhreacha a bhaineann leis an daille in Éirinn agus i dtíortha i mbéal forbartha. Úsáidfidh siad léarscáileanna chun tíortha a aimsiú agus an fad idir iad agus muidne a ríomh.

**Ábhair riachtanacha:** Ríomhairí is féidir leis na daltaí a úsáid; léarscáil mhór den domhan; téip ghreamaitheach.

**Naisc leis an gCuraclam** **Tíreolaíocht |** ceisteanna trádála agus forbartha, léarscáileanna a úsáid, breathnóireacht; **Matamaitic |** ag déanamh comparáide agus ag ordú, codáin, deachúlacha agus céatadáin, sonraí a aithint, a chur i láthair agus a léirmhíniú.

**Am:** 1 tréimhse ranga.

**Eagrú ranga:** Tá seomra ríomhaireachta ag teastáil.

## Céimeanna:

Iarr ar na daltaí a chur i gcás go bhfuil siad ag déanamh ionadaíochta ar dhaonra iomlán an domhain – 7 billiún ar fad. Iarr orthu seasamh agus eagar a chur orthu féin de réir na staitisticí a léifidh tú amach.

> **Tá míchumas de shaghas éigin ar bhreis agus billiún duine – timpeall 15 faoin gcéad de dhaonra an domhain – 4 daltaí***
>
> **90 faoin gcéad de dhaoine lagamhairc, cónaíonn siad i dtíortha ísealioncaim nó meánioncaim – 27 dalta**
>
> **D'fhéadfaí 80 faoin gcéad den lagamharc a sheachaint nó a leigheas – 24 dalta**
>
> **98 faoin gcéad de pháistí dalla sna tíortha i mbéal forbartha, ní théann siad ar scoil – 29 dalta**

> **Meastar go bhfuil míchumas ar 30 faoin gcéad de pháistí sráide an domhain – 9 dalta**
>
> **Timpeall trí cheathrú de pháistí dalla an domhain, cónaíonn siad sna réigiúin is boichte den Afraic agus den Áise – 22 dalta**
>
> **Ní i gcónaí a bhíonn tacaíocht ar fáil do pháistí atá faoi mhíchumas sa chaoi is go bhféadfaidís dul ar scoil. San India, tá bearna 10 faoin gcéad idir líon na bpáistí faoi mhíchumas agus líon na bpáistí nach bhfuil faoi mhíchumas. Bearna 60 faoin gcéad atá san Indinéis – 3 daltaí agus 18 ndalta faoi seach**
>
> **Tá timpeall 220,000 duine dall nó lagamhairc in Éirinn agus tá an líon sin ag méadú – 2 daltaí**

Fiafraigh de na daltaí ar chuir ceann ar bith de na figiúirí ionadh orthu. Iarr orthu na trí cheist is mó atá acu faoi na ráitis seo a scríobh síos. Scríobh na ceisteanna i litreacha móra agus fág ar taispeáint iad.

* An líon daltaí a d'oirfeadh i gcás ranga a bhfuil 30 dalta ann.

**Nóta:** cuir i gcuimhne do na daltaí an méid a d'fhoghlaim siad faoin nGorta Mór agus an saol a bhíonn ag daoine nach mbíonn a ndóthain le hithe acu nó nach mbíonn uisce glan acu, rud a chuireann i mbaol tracóma iad; mar a athraíonn a gcorp agus mar a éiríonn siad lag de cheal bia; mar a chuireann an t-ocras isteach ar an gcorp, go gearrthéarmach agus go fadtéarmach. Nuair a smaoiníonn tú ar thíortha bochta, cuimhnigh gur mar sin a bhí Éire, tráth den saol. Bhí rudaí den chineál céanna ag tarlú i dtíortha atá saibhir anois!

## Gníomhaíocht léarscáile:

Taispeáin an léarscáil den domhan. I sleamhnán 2 den chur i láthair PowerPoint, feictear na tíortha a bhfuil Sightsavers ag obair iontu. Anois is féidir na daltaí a chur i ngleic leis an léarscáil. Fiafraigh díobh an eol dóibh cá bhfuil Éire agus an Afraic nó an bhfuil aon eolas acu faoi na tíortha atá aibhsithe. Mínigh dóibh gur i dtíortha bochta a chónaíonn formhór na ndaoine dalla ar domhan. Sna tíortha seo, tagann galair ar dhaoine mar gheall ar easpa uisce glan agus caighdeáin ísle chothaithe agus sláinteachais. Is féidir radharc na súl a chailleadh ar an gcaoi sin. Níl mórán dochtúirí súl ann agus is deacair teacht ar chlinic nó ar chúram sláinte súl.

Roinn na mic léinn i ngrúpaí de thriúr agus iarr orthu duine de na páistí a roghnú ó na pictiúir sa phacáiste grianghraf. Le cabhair Google Maps:

- Aimsigh an baile/an chathair ina gcónaíonn an duine.
- Tomhais an fad idir an baile sin agus an scoil. Féach: **www.sightsavers.ie/primaryschools**

**Múinteoir:** Ar Google Maps, taispeáin na háiteanna arb as na daoine atá luaite sna cás-stáideir. Iarr ar na daltaí rud beag taighde a dhéanamh ar an tír, i bhfoirm ghearrscéil.

**Gníomhaíocht roghnach:** roinn an rang ina dhá fhoireann Gearr amach ainmneacha na dtíortha i mbéal forbartha agus tabhair don dá fhoireann iad. Cuir rás sealaíochta ar siúl. Caithfidh gach reathaí tír a phionnáil sa léarscáil ar an mballa. Fanann gach dalta taobh thall de líne go mbeidh a sheal féin ann, duine i ndiaidh a chéile. Tá cead ag baill foirne cabhrú leis an duine atá ag imirt ach gan dul thar an líne. Nuair atá tír faighte ag imreoir, isteach leis an gcéad imreoir eile chun tír a aimsiú ar an léarscáil. Beidh an bua ag an bhfoireann is túisce a aimsíonn gach tír ar an léarscáil.



# Gníomhaíocht 7: Dúshlán spóirt

**Cuspóir foghlama:** Na daltaí a chur ag plé le cluichí agus cluichí a chumadh.

**Ábhair riachtanacha:** Púicíní, liathróidí leadóige srl, cártaí grianghraif nó sleamhnáin PowerPoint.

**Naisc leis an gCuraclam Corpoideachas** | Cluichí; cluichí a imirt agus a chruthú; cluichí a thuiscint agus sult a bhaint astu.

**Am:** 2 thréimhse ranga.

**Eagrú ranga:** B'fhearr bheith amuigh faoin spéir.

## Céimeanna:

Dá mbeadh páistí dalla sa scoil, cad iad na cluichí a d'fhéadfadh na daltaí a imirt le chéile? An féidir leis na daltaí smaoineamh ar chluiche nua a d'fhéadfaidís a imirt le chéile agus triail a bhaint as agus púicíní orthu?

**Cad iad na cineálacha eile spóirt is féidir le daoine dalla a imirt?**

Taispeáin dóibh roinnt íomhánna de dhaoine óga ag glacadh páirt i gCluichí na nDall sa Chéinia. Ar chuir na grianghraif ionadh ar na daltaí sin nó ar shíl siad nach bhféadfadh le páiste dall na cluichí sin a imirt?



© Magali Delporte/Sightsavers



© Magali Delporte/Sightsavers



© Magali Delporte/Sightsavers

Sula léifidh tú amach na cás-staidéir, cuir na daltaí i ngrúpaí agus iarr orthu smaointe nó mothúcháin na ndaoine sna grianghraif a thomhas. Úsáid nótaí Post-it mar bhalúin chainte.

## Cás-staidéar

### Is breá le Vipin cruicéad

Is mise Vipin. Tá mé 11 bhliain d'aois. Tá mé i mo chónaí le mo mháthair, Leena, m'athair, Yasudhas agus mo dheartháir Ajin, atá 9 mbliana d'aois, i sráidbhaile darb ainm Melpalai san India.

Is dóigh le mo thuismitheoirí gur rugadh dall mé, ach ní raibh a fhios acu sin go dtí gur bhuail mé mo cheann in aghaidh balla nuair a bhí mé bliain d'aois. Deir mo mháthair: "Chaitheamar mar a chéile leis féin agus lena dheartháir riamh. Is féidir leis siúl 100 méadar timpeall an tí, agus crainn a dhreapadh, fiú amháin." Tá mé ag dul ar scoil ó bhí mé sé bliana d'aois. Bhí múinteoir ann ar feadh dhá bhliain ag cabhrú le mo riachtanais speisialta. Mhúin sé Braille dom. Tá mise agus Ajin sa cheathrú rang i mBunscoil Uachtarach an Rialtais in Kunnathukal. Úsáidim scláta Braille chun Braille a léamh agus a scríobh. Tá ag éirí go maith liom i mo chuid staidéir – i bhfad níos fearr ná Ajin a bhíonn ag cabhrú liom!

Is maith liom cruicéad a imirt le mo dheartháir agus le páistí an cheantair (mise a bhíonn ag babhláil). Tá mé mór le Ajin le cúig bliana anuas, ó bhíomar i rang a haon (táimid i rang a cúig anois).



© Fabienne Fossez/Sightsavers



© Fabienne Fossez/Sightsavers

Is maith liom imirt ar bhord carrom, mar cloisim fuaimeanna na himeartha. Imríonn an bheirt againn mar fhoireann i gcoinne daoine eile: "Le chéile, is féidir linn an domhan go léir a bhualadh."

I ndiaidh na scoile is maith liom bheith ag súgradh sa bhaile, cruicéad agus folach bíog a imirt agus mo chuid obair bhaile a dhéanamh ansin. Bímid ag caint le chéile faoi na rudaí a d'fhoghlaimíomar ar scoil, agus cabhraímid lena chéile rudaí a thuiscint. Má dhéanaim dearmad ar fhocal nó an chiall atá le focal, iarraim ar Ajin é a insint dom. Is maith liom dánta a aithris agus is maith le Ajin a bheith ag éisteacht liom. Tugann Ajin chun an leithris mé agus níonn sé mo phlátaí dom. Déanann sé na rudaí a dhéanfadh deartháir duit. Is cara é atá cosúil le deartháir.

## Gníomhaíocht bhreise:

Féach an ar bhfíseán Blind soccer in Brazil at
**www.nytimes.com/video/sports/soccer/100000002932091/blind-soccer-in-brazil.html**

# Gníomhaíocht 8: Oideachas do pháistí faoi mhíchumas

**Cad iad na baic ar an oideachas?**

Tá timpeall 80 milliún páiste a séantar scolaíocht orthu sna tíortha i mbéal forbartha. Tá timpeall trian na bpáistí sin faoi mhíchumas. Tá Sightsavers ina bhall de chónaidhm eagraíochtaí atá ag saothrú le chéile chun an Cuspóir Forbartha Mílaoise a bhaint amach i réimse an oideachais, is é sin oideachas bunscoile a sholáthar do gach uile pháiste. I measc na mbac atá ar an oideachas i dtíortha i mbéal forbartha tá:

- Easpa múinteoirí oilte, toisc go mbíonn pá níos fearr le fáil in earnálacha eile
- I dtíortha áirithe, níl an mhúinteoireacht chomh gradamach le jabanna eile. Corruair, déanann múinteoirí an dara jab chun tuilleadh airgid a shaothrú.
- Tá coláistí oiliúna múinteoirí á ndúnadh, rud a mbíonn tionchar aige ar líon na múinteoirí atá faoi oiliúint nó ag obair sa chóras oideachais.
- Ar na baic eile tá easpa trealaimh sna seomraí ranga, gan teacht a bheith ar ábhair riachtanais speisialta agus a lán páistí a bheith ag obair chun airgead a shaothrú don teaghlach.

**Cuspóir foghlama:** Machnamh a dhéanamh ar na fáthanna a bhfágtar a oiread sin páistí gan scolaíocht i dtíortha bochta, go háirithe páistí atá faoi chumas. Foghlaimeoidh páistí cad iad na baic ar an oideachas, agus beidh deis acu iad féin a chur in áit na bpáistí sna nótaí. Foghlaimeoidh siad freisin conas a chabhraíonn Sightsavers le páistí dalla sa dóigh is gur féidir leo freastal ar scoil.

**Tabhair do d'aire:** Cuimhnigh nach bhfuil aon fhreagra 'ceart' sa ghníomhaíocht seo. Is é an aidhm ná smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh agus feasacht a ardú ar na fáthanna a séantar scolaíocht ar pháistí agus conas is féidir le páistí ar fud na cruinne gníomh a dhéanamh chun dul i ngleic leis sin.

**Ábhair riachtanacha:** 2 fhótachóip de na ráitis ar Bhileog Oibre 3. Gearr amach gach ráiteas sa chaoi is go mbeidh ceithre sheit de na ráitis agat.

**Naisc leis an gCuraclam OSPS |** Féinfheasacht, Caidreamh le Daoine Eile,
**Gaeilge |** Teanga labhartha agus scríbhneoireacht – forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch trí theanga, inniúlachtaí cognaíocha a fhorbairt trí theanga.

**Am:** 2 rang.

**Eagrú ranga:** Déan ceithre ghrúpa de na daltaí.

## Cur chuige

**Páistí gan scoil**

Léigh amach an sliocht faoi Difasi agus téigh trí na pointí seo a leanas chun na fadhbanna atá i gceist a léiriú don rang. Tá roinnt cúiseanna ann nach dtéann páistí dalla ar scoil. Ina measc sin tá:

- Bíonn na tuismitheoirí buartha go mbainfidh taisme dóibh.
- Níl tacaíocht speisialta ar fáil (m.sh. múinteoirí speisialtóireachta).
- Ní bhíonn ábhair Bhraille ar fáil.

- Bíonn an-chuid daltaí i ngach rang agus ní bhíonn deis ag múinteoirí am a chur ar fáil do pháistí dalla.
- Ní a ndóthain airgid ag na tuismitheoirí a bpáistí a chur chun na scoile (.i. costas na leabhar, na héide, an taistil, an lóin, táillí scoile srl.)

## Cás-staidéar

**Difasi, as Uganda**

Is mise Difasi. Tá cónaí orm i sráidbhaile in Oirdheisceart Uganda, mé féin agus mo sheisear deartháireacha agus deirfiúracha. (Tír de chuid Oirthear na hAfraice is ea Uganda, in aice leis an gCéinia.) Tá mé 9 mbliana d’aois agus tá mé dall ó rugadh mé. Is maith liom bheith ag rith agus peil agus folach bíog a imirt. Thaitin an scoil go mór liom ach theip ar na barra ar fheirm mo mhuintire agus bhí orm an scoil a fhágáil chun cabhrú le mo theaghlach. Bhí radharc fíorlag agam riamh. Uair amháin, thug mo mháthair léi mé ag iarraidh cabhair dochtúra i mbaile in aice láimhe ach ní raibh dochtúir ar bith ann agus chuamar abhaile.  Corruair, is fada liom an lá agus tagann uaigneas orm toisc nach mbím ar scoil níos mó. Ba bhreá liom dul ar scoil i gcomhluadar mo chairde. Dá rachainn chun na scoile, bheinn neamhspleách agus thabharfainn aire dom féin. Is é an aisling atá agam ná taisteal thart ar ghluaisrothar agus a bheith i mo dhochtúir.



© Georgina Cranston / Sightsavers

Tá tuilleadh scéalta faoin bhFeachtas Domhanda ar son an Oideachais le fáil ar **www.sendmyfriend.org** faoin teideal ‘Real Life Stories’.

- Tabhair seit iomlán ráiteas do gach rang sa chaoi is go mbeidh naoi ráiteas éagsúla ag gach grúpa.
- Iarr ar na grúpaí na ráitis a chur in ord tábhachta i gcruth diamaint mar atá le feiceáil thíos, sa chaoi is go mbeidh an ráiteas is tábhachtaí ar bharr agus an ráiteas is lú tábhacht ag an mbun. Ba cheart go mbeadh plé éigin i measc na ndaltaí i ngach grúpa faoi cén áit a gcuirfidh siad na ráitis.
- Nuair a bheidh na ráitis go léir curtha in ord, iarr ar gach grúpa féachaint ar dhiamaint na ngrúpaí eile.
- Má tá difríochtaí ann idir na grúpaí, iarr ar na daltaí a mhíniú cén fáth ar chuir siad na ráitis in oird éagsúla.

Is tábhachtaí

Is lú tábhacht

Íoslódáil an bhileog oibre ar **www.sightsavers.ie/primaryschools**

# Gníomhaíocht 9: Súil ar Shaol Daoine Eile – Tionscadal Póstaeir

**Cuspóir foghlama:** Súil a chaitheamh ar shaol roinnt gníomhaithe sóisialta a sháraigh dúshláin na daille agus an mhíchumais amhairc.

**Ábhair riachtanacha:** Fáil ar an Idirlíon, am sa leabharlann (leabharlann na scoile nó an leabharlann áitiúil).

**Naisc leis an gCuraclam:** **OSPS |** Caidreamh le Daoine Eile, Cumarsáid, Coimhlint a Réiteach, Forbairt na Saoránaíochta.
**Gaeilge |** Teanga labhartha agus scríbhneoireacht – forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch trí theanga, inniúlachtaí cognaíocha a fhorbairt trí theanga.

**Am:** 2-3 thréimhse ranga.

**Eagrú ranga:** Déanann grúpaí de 2 nó 3 daltaí póstaer tionscadail mar gheall ar dhuine atá faoi míchumas amhairc.

## Céimeanna:

Cuir ceisteanna ar an rang faoina dtaithí agus faoin méid atá foghlamtha acu faoi dhaoine atá dall nó a bhfuil lagamharc acu. Mínigh don rang go bhfuil a lán daoine dalla ar domhan ach gur féidir leo rudaí móra a chur i gcrích má bhíonn an tacaíocht agus na huirlisí cuí acu. Tugtar 'cuimsiú sóisialta' ar dheiseanna a sholáthar do dhaoine dalla agus do dhaoine lagamhairc a bheith páirteach sa tsochaí.

Déan póstaer tionscadail ar dhuine díobh seo a leanas agus dírigh isteach ar na rudaí seo: **1)** Trí fhíric faoi chúlra na ndaoine. **2)** Trí dhúshlán a bhí le sárú acu. **3)** Conas a sháraigh siad na dúshláin sin. **4)** Cad iad na rudaí is mó atá curtha i gcrích acu? **5)** Cén rud ba mhó a chuir ionadh ort? Cén fáth? (Roghnaigh fíric amháin ar a laghad.)

**Helen Keller** | SAM | scríbhneoir agus gníomhaí a bhí bodhar agus dall

**Amadou agus Miriam** | Mailí | beirt cheoltóirí dhalla atá pósta ar a chéile

**Harriet Tubman** | SAM | gníomhaí a bhí seal ina sclábhaí a tugadh ón Afraic go Meiriceá

**Aldous Huxley** | Sasana | scríbhneoir

**Tofiri Kibuuka** | Uganda-an Iorua | lúthchleasaí, eachtránaí agus an chéad Afracach a ghlac páirt i gCluichí Parailimpeacha an Gheimhridh

**Stevie Wonder** | SAM | ceoltóir agus léiritheoir ceoil

**Sabriye Tenberken** | an Ghearmáin | oibrí sóisialta agus bunaitheoir Braille Without Borders

**Tilly Aston** | an Astráil | scríbhneoir dall, múinteoir agus bunaitheoir Victorian Association of Braille Writers

**Seán Ó Cathasaigh** | Éire | drámadóir a bhí ina chónaí i sluma i mBaile Átha Cliath san am a measadh slumaí Bhaile Átha Cliath a bheith ar an gcuid ba mheasa san Eoraip

**Chen Guangcheng** | an tSín | gníomhaí cearta sóisialta agus dlíodóir féinoilte

Abair leis na daltaí úsáid a bhaint as an leabharlann áitiúil, an tIdirlíon, irisí agus grianghraif chun an póstaer tionscadail a dhéanamh. Cuir dóthain am ranga ar fáil do na daltaí i gcomhair taighde agus ullmhú na bpóstaer.

Cuir tréimhse ranga ar fáil do na grúpaí daltaí a gcuid póstaer a chur i láthair an chuid eile den rang agus an méid a d'fhoghlaim siad a roinnt. Cuir na póstaeir ar bhalla tionscadail an ranga.

## Gníomhaíocht mheasúnachta:

Iarr ar an rang Cairt 10 Rud a d'Fhoghlaimíomar a scríobh, bunaithe ar an obair thionscadail go dtí seo. D'fhéadfaí seo a dhéanamh mar ghníomhaíocht don rang uile. D'fhéadfaí é a eagrú de réir na dtéamaí seo: rudaí a d'fhoghlaim mé fúm féin; rudaí a d'fhoghlaim mé faoi dhaoine atá faoi mhíchumas amhairc agus rudaí ba chóir dúinn go léir a dhéanamh sa saol.

Úsáid an balla tionscadail chun aird a dhíriú ar na rudaí atá foghlamtha; iarr ar na daltaí an Chairt Foghlama shíniú; í a roinnt le daoine eile sa scoil agus sa phobal (tuismitheoirí, eagraíochtaí pobail áitiúla, srl.).

## Gníomhaíocht bhreise phiaroideachais:

Cén fáth nach ndéanfá an méid atá foghlamtha agat a thaispeáint do dhaoine eile sa scoil? Tabhair cuireadh do dhaltaí eile teacht isteach agus amharc ar an mballa tionscadail. Iarr ar lucht an ranga sealanna a ghlacadh chun a gcuid taighde a chur i láthair agus labhairt faoin saol a bhíonn ag páistí agus daoine fásta atá faoi mhíchumas amhairc agus faoi thábhacht an oideachais agus áiseanna oideachais chun tacú leo siúd atá faoi mhíchumas amhairc.

## Gníomhaíocht tionscadail sna healaíona cruthaitheacha:

Déanann na páistí leabhar scéalaíochta trí ábhair a bhaineann lena saol féin a ghreamú i gcóipleabhar A4. Is féidir ábhair a bhailiú sa teach nó taobh amuigh.

### Anois agus Oscail do Shúile críochnaithe agaibh – insígí dúinn faoi!

1. Téigh i dteagmháil lenár gcomhordaitheoir scoileanna chun teastais saor in aisce a ordú don rang i ndiaidh dóibh an tionscadal a chríochnú.
2. Glac grianghraif den obair thionscadail agus de na póstaeir agus cuir chugainn iad chun go gcuirimid ar ár suíomh gréasáin iad.
3. Glac páirt i nDuaiseanna na bPéintéirí Óga, comórtas atá oscailte do dhaltaí bunscoile. Gach bliain, iarrann Sightsavers ar pháistí pictiúr a phéinteáil faoi théama a bhaineann le radharc na súl.
4. Tabhair cuireadh do chainteoir de chuid Sightsavers cuairt a thabhairt ar an scoil chun bhur gcuid oibre a fheiceáil agus tuilleadh eolais a thabhairt fúinne.

### Lena aghaidh sin agus tuilleadh, téigh i dteagmháil lenár gcomhordaitheoir scoileanna:

**schools@sightsavers.ie** nó glaoigh ar **01 663 7666**

**Gréasán:** www.sightsavers.ie/primaryschools

**Lean muid ar:** www.facebook.ie/sightsaversireland

**Lean ar Twitter muid:** @SightsaversIE

Féach Sightsavers Ireland ar **YouTube**

**Is mór againn bhur gcuid aiseolas**
Tá suirbhé gairid ar líne curtha ar fáil againn a chabhróidh linn ár gcuid áiseanna oideachais a mheasúnú agus a fheabhsú. Bheimis an-bhuíoch as bhur gcuid aiseolais.

## Céard atá sa phacáiste seo?

1. Roinn i gcomhair Naíonáin Shóisearacha go dtí 2ú rang *
2. Roinn i gcomhair 3ú rang go 6ú rang, agus na hábhair seo i ngach roinn:
   - Naisc leathana le Curaclam na Bunscoile
   - Gníomhaíochtaí le spriocanna uimhearthachta agus litearthachta
   - Réimse scéalta faoi shaol páistí ar fud na cruinne
   - Modhanna foghlama rannpháirtíocha agus gníomhacha
   - 28 cárta grianghraif ar son foghlaim amhairc

## Ag foghlaim faoin daille inseachanta – cén fáth?

**Cuireadh an áis seo ar fáil chun:**

1. ceisteanna a bhaineann leis an lagamharc ar fud na cruinne a phlé, go háirithe i dtíortha atá i mbéal forbartha
2. comhbhá, tuiscint agus feasacht a chothú ar cheisteanna a bhaineann le radharc na súl agus daille, ag tagairt do dhaoine ar shaothraigh Sightsavers leo
3. modhanna foghlama rannpháirtíocha agus trialacha a spreagadh sa seomra ranga

* Molaimid do mhúinteoirí breathnú ar an dá roinn agus na gníomhaíochtaí a chur in oiriúint do leibhéal cumais an ranga. Téigh go dtí an leathanach gréasáin **www.sightsavers.ie/primaryschools** chun teacht ar chuir i láthair PowerPoint, pacáiste grianghraf a chló amach nó a úsáid ar an gClár Bán, bileoga gníomhaíochta a íoslódáil agus tuilleadh!

## Admhálacha

Grúpa Comhairleach Múintéoirí: buíochas ar leith do na scoileanna agus na múinteoirí as a gcuid oibre ar an áis seo – Aoife Ford (Bunscoil na Toirbhirte Thuaidh, Corcaigh), Tadhg McNamara (Scoil Náisiúnta Naíonán Ráth Tó, Co. na Mí) agus Claire Urquhart (Scoil Náisiúnta Chreachmhaoile, Gaillimh).

Arna thiomsú agus arna scríobh ag: Tony Daly agus Ciara Regan ó 80:20 Educating and Acting for a Better World.

Foireann Chomhairleach an Tionscadail: Róisín Cronin, Ann O'Leary, Teresa Murray agus Naomi Jacobs.

**Leagan Gaeilge:** Snasta.ie
**Dearadh:** Gush Design
**Arna chur i gcló ag:** Fretwell Print & Direct Mail
**Uimhir Carthanais Cláraithe:** CHY 15437
**ISBN:** 978-0-9930234-3-9

**Arna fhoilsiú ag Sightsavers Éireann**
70 Sráid Sheoirse Uachtarach, Dún Laoghaire,
Co. Bhaile Átha Cliath, Éire
www.sightsavers.ie
**Cóipcheart © Sightsavers 2014**

Rinneadh gníomhaíochtaí a oiriúnú ó áiseanna a bhí ann cheana, ina measc: Junior Painter Awards Teacher Resource (2013) Sightsavers Ireland; Seeing Our World (2007 & 2013) Sightsavers International. Ár mbuíochas leis na scríbhneoirí, na haistritheoirí agus na heagarthóirí!

Admhaíonn Sightsavers maoiniú a fuarthas ó Chúnamh Éireann, clár forbairt choigríche an Rialtais. Sightsavers amháin atá freagrach as na smaointe agus na tuairimí anseo agus ní gá gur léiriú iad ar bheartas Chúnamh Éireann.

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

**Ag saothrú i dtíortha i mbéal forbartha chun an daille inseachanta a chosc agus comhdheiseanna a chur chun cinn do dhaoine atá faoi mhíchumas.**